2024/2620

4.10.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/2620 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Iúil 2024

lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais chun a mheas go bhfuil ceangal buan ceimiceach ag gáis cheaptha teasa i dtáirge

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 12(3b), an dara fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), rinneadh Treoir 2003/87/CE a leasú chun í a ailíniú le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), lena socraítear sprioc mar atá laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí faoi 2030 i gcomparáid le 1990.

(2) Ba cheart na critéir agus na ceanglais a bhunú, ar critéir agus ceanglais iad is gá chun go measfar go bhfuil gáis ceaptha teasa ceangailte go ceimiceach go buan i dtáirge.

(3) Níl feidhm ag na próisis gabhála agus úsáide reatha le haghaidh buanstórála ach amháin maidir le hastaíochtaí CO_2, toisc nach bhfuil gá le buanstóráil i gcás gás ceaptha teasa eile, amhail CH_4 nó N_2O, chun astaíochtaí den sórt sin a mhaolú. Ós rud é go bhféadfadh claochlú ceimiceach ar an móilín CO_2 a bheith mar thoradh ar na himoibrithe ceimiceacha le linn an phróisis úsáide, ba cheart adaimh charbóin atá ceangailte go ceimiceach a chur san áireamh freisin.

(4) Maidir le hastaíochtaí CO_2 atá ceangailte go ceimiceach go buan i dtáirge, is gá go mbeidh an tairbhe aeráide a bhaineann leo cosúil leis an tairbhe a bhaineann le stóráil gheolaíoch, agus cineál difriúil na gcur chuige sin á gcur san áireamh ag an am céanna. Dá bhrí sin, ba cheart an CO_2 sin a bheith ceangailte go ceimiceach go buan i dtáirge ar feadh na gcéadta bliain nó tréimhse níos faide ar a laghad, ar bhonn chineál an naisc cheimicigh atá sa táirge, ar bhonn ghnáthúsáid an táirge agus ar bhonn an chóireáil deireadh ré is dócha a dhéanfar ar an táirge.

(5) Beidh dóchúlachtaí éagsúla ann go scaoilfear an carbón stóráilte atá leabaithe i dtáirge mar thoradh ar an ngnáthúsáid éagsúil agus socruithe éagsúla deireadh ré le haghaidh táirgí a dhéantar as CO_2 arna ghabháil. D'fhéadfadh sé tarlú go scaoilfí CO_2 mar thoradh ar dhóchán, mar chuid lárnach d'úsáid táirgí, mar is amhlaidh i gcás breoslaí sintéiseacha, nó ar dhiúscairt, amhail trí loscadh dramhaíola. Chun a áirithiú go bhfanfaidh an carbón a stóráiltear i dtáirge ceangailte go ceimiceach go buan agus nach rachaidh sé isteach san atmaisféar ar feadh na gcéadta bliain ar a laghad, ba cheart an CO_2 a cheangal i dtáirgí a bhfuil saolré fhada acu faoi aon ghnáthúsáid agus go ndiúscraítear iad, faoi aon ghnáthghníomhaíocht deireadh ré, ar bhealach seachas loscadh, lena scaoilfí an carbón atá stóráilte san atmaisféar.

([1]) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

([2]) Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 130, 16.5.2023, lch. 134).

([3]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

(6) Maidir le hairíonna ceimiceacha carbónáitíí mianracha, amhail carbónáit chailciam nó carbónáit mhaignéisiam, áirithítear leo naisc cheimiceacha láidre a sholáthraíonn an fhéidearthacht go measfaí an carbón a bheith ceangailte go ceimiceach go buan, mura nochtar na naisc do theochtaí ardaithe nó d'aigéid láidre. Dá bhrí sin, choinneofaí carbón ar feadh tréimhsí an-fhada i gcarraig charbónáite mar thoradh ar charbónú mianraí, agus ní scaoilfí an carbón sin isteach san atmaisféar faoi ghnáthchoinníollacha ([4]).

(7) Na dálaí atá i loisceoirí dramhaíola, tá siad leordhóthanach chun tús a chur leis an imoibriú dícharbónaithe. Dá bhrí sin, carbón a ghabhtar agus a úsáidtear i dtáirgí a fhaigheann sciar suntasach den chóireáil deireadh ré trí loscadh, níor cheart a mheas go bhfuil sé ceangailte go ceimiceach go buan.

(8) Táirgí atá bunaithe ar charbónáitíí mianracha agus a úsáidtear mar tháirgí foirgníochta, amhail tathagaithe, stroighin, coincréit, brící nó tíleanna, tá saolré fhada acu agus is féidir iad a úsáid ar feadh ndeicheanna de bhlianta nó na céadta bliain. Ag deireadh a ré, tagann táirgí den sórt sin faoi chatagóir na dramhaíola tógála agus scartála, i gcomhréir leis an Liosta Dramhaíola ([5]). De réir an mheasúnaithe is déanaí ó Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh ([6]), is éard atá i gceist le meánchóireáil deireadh ré an Aontais i gcás an chodáin mianraí de dhramhaíl tógála agus scartála athchúrsáil (79 %), aislíonadh (10 %) agus líonadh talún (11 %). Dá bhrí sin, an CO_2 arna ghabháil a úsáidtear i monarú carbónáitíí mianracha agus a úsáidtear i dtáirgí foirgníochta, ba cheart a mheas go bhfuil sé ceangailte go ceimiceach go buan i dtáirge.

(9) Ba cheart an liosta táirgí a mheastar go gcomhlíonann siad na critéir a leagtar amach in Airteagal 12(3b) de Threoir 2003/87/CE a athbhreithniú agus, más gá, a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá ar bhonn aon fhorbairte teicneolaíochta ábhartha agus ar aon nuálaíocht i réimse na buanstórála carbóin i dtáirgí, feabhsuithe ar chleachtais faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe atá in ann buaine stórála a dheimhniú, mar aon leis an taithí ar an Rialachán sin a chur chun feidhme.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos sa Rialachán seo na ceanglais lena measfar go bhfuil CO_2 ceangailte go ceimiceach go buan i dtáirge.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) Ciallaíonn 'gabháil' aon phróiseas nó nós imeachta teicneolaíochta is gá chun CO_2 a ghabháil, agus, más gá, a phróiseáil nó a íonú sula n-úsáidtear é, ar próiseas nó nós imeachta é a eascraíonn as gníomhaíochtaí faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE;

(2) Ciallaíonn 'úsáid' aon phróiseas nó cleachtas teicneolaíochta a úsáideann CO_2 arna ghabháil mar bhunábhar chun táirgí a mhonarú;

([4]) IPCC, 2005. Tuarascáil Speisialta maidir le Gabháil agus Stóráil Dé-ocsaíde Carbóin. [Metz, B, Davidson, O., de Coninck, H. C., Loos, M., agus Meyer, L. A. (eds.)]. Ullmhaithe ag Meitheal III den Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide, Cambridge agus Nua-Eabhrac: Cambridge University Press.

([5]) Cinneadh 2014/955/AE ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2014 lena leasaítear Cinneadh 2000/532/CE a mhéid a bhaineann leis an liosta dramhaíola de bhun Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 370, 30.12.2014, lch. 44).

([6]) Cristobal Garcia, J., Caro, D., Foster, G., Pristera, G., Gallo, F. agus Tonini, D., *Techno-economic and environmental assessment of construction and demolition waste management in the European Union* [Measúnú teicnea-eacnamaíoch agus comhshaoil ar bhainistiú dramhaíola tógála agus scartála san Aontas Eorpach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2024, doi:10.2760/721895, JRC135470.

(3) Ciallaíonn ‘ceangailte go ceimiceach’ go ndéantar CO_2 a chlaochlú go ceimiceach ionas go ndéantar an t-adamh carbóin a shocrú go ceimiceach le naisc láidre ar bhealach a chuireann cosc air tionchar a bheith aige ar an téamh domhanda;

(4) Ciallaíonn ‘táirge’ earraí nó ábhair, lena n-áirítear idirmheánaigh agus díorthaigh díobh, a úsáideann CO_2 atá ceangailte go ceimiceach nó adaimh charbóin a dhíorthaítear ó CO_2;

(5) Ciallaíonn ‘táirge foirgníochta’ aon ítim fhisiceach atá foirmithe nó gan fhoirm a chuirtear ar an margadh chun í a ionchorprú go buan in oibreacha foirgníochta nó i gcodanna d’oibreacha foirgníochta;

(6) Ciallaíonn ‘gnáthúsáid’ aon bhealach a mheastar go n-úsáidfidh an t-úsáideoir deiridh táirge de ghnáth ar bhonn shaintréithe an táirge;

(7) Ciallaíonn ‘gnáthghníomhaíocht a dhéanfar tar éis dheireadh shaolré an táirge’ aon chóireáil atá i réim ar tháirge tar éis don úsáideoir deiridh é a dhiúscairt ar bhonn na gcleachtas bainistithe dramhaíola ábhartha agus ar an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Airteagal 3

Ceanglais maidir le gabháil agus úsáid bhuan i dtáirgí

1. Measfar go bhfuil CO_2 ceangailte go ceimiceach go buan i dtáirge i gcás ina gcomhlíonfar na critéir uile seo a leanas:

(a) Tá sé ceangailte go ceimiceach i dtáirge trí phróiseas úsáide gníomhach agus rialaithe, lenar féidir an méid coibhéise CO_2 atá ceangailte sa táirge le linn an phróisis úsáide a thomhas agus a chinneadh, seachas aon charbón atá san ábhar roimh an bpróiseas úsáide nó aon charbón a ionsúitear go nádúrtha ón atmaisféar nó ó fhoinsí eile tar éis an phróisis úsáide a áireamh, agus;

(b) Fanann sé ceangailte go ceimiceach go buan i dtáirge ionas nach dtéann sé isteach san atmaisféar faoi ghnáthúsáid an táirge, lena n-áirítear aon ghnáthghníomhaíocht a dhéanfar tar éis dheireadh shaolré an táirge, ar feadh na gcéadta bliain ar a laghad. I gcás táirgí a bhfuil ilbhealaí gnáthúsáide agus deireadh ré acu, ní mór gach bealach den sórt sin a chur san áireamh chun críocha na míre seo. Táirgí a d’fhéadfadh a bheith nochta do dhóchán ardteochta le linn gnáthúsáide, lena n-áirítear aon ghnáthghníomhaíocht a dhéantar tar éis dheireadh shaolré an táirge, amhail le linn loscadh dramhaíola, ní mheasfar iad mar tháirgí a cheanglaíonn CO_2 go ceimiceach go buan.

2. Na táirgí a mheastar go gcomhlíonann siad ceanglais mhír 1, liostaítear iad san Iarscríbhinn.

Airteagal 4

An próiseas athbhreithnithe

1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na táirgí a liostaítear san Iarscríbhinn ar bhonn forbairtí ábhartha teicneolaíochta agus ar an nuálaíocht i réimse na buanstórála carbóin i dtáirgí, feabhsuithe ar chleachtais faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe, mar aon leis an taithí a fuarthas agus an Rialachán seo á chur chun feidhme agus tabharfaidh sé an Iarscríbhinn cothrom le dáta, más gá.

2. Chun críocha mhír 1, cuirfidh an Coimisiún san áireamh iarrataí a chuireann na húdaráis inniúla isteach chun an liosta táirgí san Iarscríbhinn a thabhairt cothrom le dáta, i gcás ina bhfuil fianaise ar chomhlíonadh na gceanglas in Airteagal 3(1) ag tacú go cuí leis sin.

3. Torthaí agus doiciméadacht ábhartha ó aon athbhreithniú ar na táirgí a liostaítear san Iarscríbhinn, cuirfear ar fáil iad go poiblí.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

TÁIRGÍ A MHEASTAR GO GCEANGLAÍONN SIAD CO_2 GO CEIMICEACH GO BUAN

Carbónáití mianracha a úsáidtear sna táirgí foirgníochta seo a leanas:

(a) tathagaithe carbónáitithe a úsáidtear ar bhonn neamhcheangailte nó ceangailte i dtáirgí foirgníochta de bhunús mianrach;

(b) comhábhair charbónáitithe stroighne, aoil nó ceanglóirí hiodrálacha eile a úsáidtear i dtáirgí foirgníochta;

(c) coincréit charbónáitithe, lena n-áirítear bloic réamhtheilgthe, clocha pábhála, nó coincréit aeraithe;

(d) brící, tíleanna, nó aonaid saoirseachta charbónáitithe eile.